
**Bileog Eolais Anne Frank le haghaidh Roinn 2, Ceist 1**

## Márta 2005: Comóradh: 60 bliain bhás

# ANNE FRANK

Rugadh Anne Frank seacht mbliana dhéag is trí fichid ó shin ar 12 Meitheamh 1929.
Fuair sí bás i sluachampa géibhinn Bergen-Belsen sa Ghearmáin i Márta 1945.




Is í dialann Anne Frank, inar choimeád sí cuntas ar a saol agus í i bhfolach san Urtheach Ceilte ó 1942 go1944, a bhain cáil amach di.

Tá ceachtanna tábhachtacha le foghlaim againn ó scéal Anne Frank inniu féin. Níor imigh an leithcheal agus an ciníochas ba thrúig bháis di nuair a tháinig deireadh le Cogadh Domhanda II. Chabhródh léamh scéal a beatha linn chun teacht ar thuiscint i dtaobh thairbhe na caoinfhulangtha, an ómóis agus i dtaobh thábhacht cearta daonna.

Tá géarleanúint fós á déanamh inniu ar dhaoine agus iad á ndúnmharú toisc go bhfuil said, ar nós Anne, difriúil.

Sa mhúsaem i dTeach Anne Frank, tá baint dhíreach idir na coincheapa *'saoirse'*, '*cearta daonna*' agus '*daonlathas*' agus cuimhne Anne Frank a choimeád beo ann.

## Bróisiúr Chomhairle na Mac Léinn le haghaidh Roinn 2, Ceist 2





### Cad is Comhairle Mac Léinn ann?

Is struchtúr ionadaíoch é Comhairle Mac Léinn do mhic léinn amháin, inar féidir le mic léinn a bheith páirteach i ngnóthaí na scoile, ag obair i bpáirt le bainistíocht na scoile, leis an bhfoireann agus le tuismitheoirí chun leasa na scoile agus na mac léinn.

### An bhfuil sé de cheart ag do scoil comhairle mac léinn a bhunú?

Luann an tAcht Oideachais 1998 gur chóir do Bhoird Bhainistíochta mic léinn a spreagadh agus cúnamh a thabhairt dóibh chun comhairle mac léinn a bhunú agus a fheidhmiú. Luann Straitéis Náisiúnta na Leanaí go mbeidh guth ag leanaí agus ag daoine óga i nithe a mbíonn tionchar acu ar a saol agus go mbeidh deiseanna ar fáil dóibh chun a bheith rannpháirteach i ndéanamh cinní.

**Póstaer Sclábhaíocht Leanaí le haghaidh Roinn 2, Ceist 3.**





## Fíricí agus Figiúir

Is é atá i gceist le Sclábhaíocht Leanaí ná leanaí a bheith rannpháirteach i ndéantús brící, in oibriú meaisíní sa talamhaíocht agus i bhfíodóireacht cairpéad, in obair tí, i dtionscadal an ghnéis, in obair thógála, san iascaireacht farraige agus i ndéantús lasán agus tinte ealaíne agus sna céadta imeachtaí eile a cheileann a gceart chun oideachais lánaimseartha ar pháiste.

**Sainaithnítear Duine Amháin as gach Seisear atá idir 5 bliana agus 17 mbliana d'aois mar sclábhaí linbh**

## Leathanach na Trádála Córa le haghaidh Roinn 2, Ceist 4




**BLAS NA BEATHA**

**Tógann sé sé cinn déag de bhabhtaí pioctha ar bhean (mná is ea piocadóirí an tae de ghnáth) chun dóthain tae le haghaidh aon chupán tae amháin a phiocadh. Bailítear na duilleoga leochaileacha tae i gciseáin fhite.**

**Braitheann pá laethúil na bpiocadóirí ar mhéid na nduilleog tae a phiocann said.**

**Ar an drochuair, ar nós mórán táirgí eile a cheannaímid ó tháirgeoirí an Tríú Domhan, níl ardú tagtha ar na praghsanna a íoctar le táirgeoirí tae le breis is daichead bliain.**

**Faigheann piocadóirí tae bónas don tae a dhíoltar de réir choinníollacha na Trádála Córa. Tugann an bónas seo deis dóibh a gcuid tithíochta, leictreachais agus soláthar uisce a fheabhsú.**

**Roghnaigh bianna faoi shéala MHARC NA TRÁDÁLA CÓRA: tae, caife, seacláid, siúcra, torthaí úra, súnna, mil, brioscaí agus barraí arbhair.**

**Marc na Trádála Córa (Éire)**
**Teach Carmichael**
**Sráid Brunswick Thuaidh**
**Baile Átha Cliath 7**
**01-4753515**
**info@fairtrade.ie**
**www.fairtrade.ie**